



# LEAS MÚINTEOIRÍ: CEARTA AGUS FREAGRACHTAÍ

*Ar chóir duit a bheith ar eolas agat*

  
**ASTI**  
A century of service

## Cén fáth a mbaineann tábhacht le leas múinteoirí?

*Cuidíonn an tsláinte choirp agus mhothúchánach, an ghníomhaíocht shóisialta agus a bheith in ann aire a thabhairt dóibh féin agus do dhaoine eile le múinteoirí a bheith sásta agus muiníneach, dearfach agus gafa lena bhfoghlaím agus lena dteagasc féin.*

*Ní mór a aithint anois go gcaithfear folláine fhoriomlán na múinteoirí a chothú, a fhorbairt agus tacú léi in éineacht lena bhforbairt ghairmiúil agus intleachtúil.*

### Cén fáth a mbaineann tábhachtach le leas foirne?

Tá feacht ag méadú ar an tábhacht a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht sa láthair oibre, agus tá scoileanna tar éis dul i dtuairim ar iniúchtaí rialta chun bagairtí ar shábháilteacht choirp ina dtimpeallacht a íoslaghdú/a dhíothú.

Níor tugadh an aird chéanna ar leas na foirne agus ar chosc na nguaiseacha síceasóisialta sin a d'fhéadfadh tionchar láidir a imirt ar mhúinteoirí agus ar an eagraíocht scoile uile.

### Cad is guais shíceasóisialta ann?

Is éard is guais ann ná rud ar bith a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do dhaoine, do mhaoin nó don chomhshaol.

Is ionann guais shíceasóisialta agus ceann de roinnt fachtóirí a bhféadfadh strus a bheith mar thoradh air agus a d'fhéadfadh folláine mhothúchánach agus choirp a laghdú mura gcuirfí cosc orthu. Cuireann na guaiseacha seo sláinte mheabhrach i mbaol ar an gcaoi chéanna a gcuireann guaiseacha fisiciúla sábháilteacht choirp agus sláinte na bhfostaithe i mbaol.

### An bhfuil múinteoirí i mbaol guaiseacha síceasóisialta?

Is cinnte go mbíonn múinteoirí i mbaol go háirithe. Ar na cúiseanna leis sin tá:

- an t-ualach oibre ar mhúinteoirí, atá ag dul i méid mar thoradh ar chiorruithe ar an soláthar foirne, chomh maith leis an ualach oibre a bhaineann le cúraimí riaracháin sa teagasc
- na héilimh arda mhothúchánacha a chaithfidh múinteoirí a sheasamh agus iad ag plé le riachtanais éagsúla na ndaltaí, na dtuismitheoirí agus na gcaomhnóirí
- maorlathas méadaithe an teagaisc, mar shampla, pleananna ábhair agus an tionscnamh uimhearthachta/litearthachta a fhoráidí
- an éiginnteacht a bhaineann le cúrsaí fostaíochta agus an pá neamhionann a fhaigheann múinteoirí nuacháilithe agus neamhbhuana
- an meathlú ar théarmaí agus coinníollacha seirbhíse na múinteoirí

- drochbhainistiú/droch-chumarsáid foirne agus droch-chaidrimh
- easpa soghluaisteachta gairmiúla, rud a dhíspreagann múinteoirí agus a chuireann isteach ar mheánna na foirne.

### Cén tionchar a bhíonn ag mainneachtain leas a bhainistiú ar ár scoileanna?

Bíonn timpeallacht oibre shláintiúil níos solúbtha agus í in ann torthaí níos fearr a sholáthar do chách.

Is féidir le drochbhainistiú ar leas foirne cur isteach, ní hamháin ar shaol agus ar ghairmréimeanna múinteoirí aonair, ach ar an scoil ina hiomláine freisin.

Áirítear ar na tionchair sin:

- neamhláthreachas, rud a fhágann go mbíonn ualach oibre méadaithe ann do chách
- meanma íseal i measc na foirne
- drochtháirgiúlacht agus torthaí bochta.

### Cad iad dualgais an fhostóra maidir le leas foirne?

I gcomhréir le hAlt 8.1 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, bíonn dualgas dlíthiúil ar fhostóirí dá bhfoireann "sábháilteacht, sláinte agus **leas** [béim curtha leis ag ASTI] a gcuid fostaíthe ag an obair a chinntiú, a mhéid is indéanta le réasún".

Ciallaíonn sé sin nach mór don fhostóir gach cúram cuí a dhéanamh agus a ndualgais á gcomhlíonadh aige trí ghuaiseacha intuartha a shainaithint, trí na rioscaí gaolmhara a mheas agus trí na bearta cosanta riachtanacha a chur i bhfeidhm.

Is féidir cleachtas réasúnta a thuiscint mar an méid a dhéanfaidh duine réasúnta i bhfianaise tacar cúinsí áirithe (Alt 2.6, an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005).

Sonraítear san Acht freisin go n-áirítear le dualgais an fhostóra ráiteas sábháilteachta a chur i dtoll a chéile.

Ba chóir go n-áireofaí an méid seo a leanas sa ráiteas seo:

- guaiseacha síceasóisialta a aithint
- measúnú a dhéanamh ar rioscaí síceasóisialta maidir le gníomhaíochtaí ar scoil agus lasmuigh den champas
- achoimre ar bhearta cosanta agus coisctheacha agus ar na hacmhainní is gá
- bearta a chur i bhfeidhm de réir na bprionsabal ginearálta coiscthe atá leagtha amach san Acht
- a chinntiú go bhfuil plean éigeandála láthair oibre/beartas um theagmhas criticiúil ann
- a chinntiú go ndéanfar an ráiteas sábháilteachta a athbhreithniú ar bhonn bliantúil ar a laghad
- a chinntiú go mbíonn an ráiteas sábháilteachta sorochtana

### Cad is ráiteas sábháilteachta ann?

Is doiciméad dlíthiúil é ráiteas sábháilteachta a eisíonn fostóir mar thuarascáil chuimsitheach sábháilteachta.

Cuimsíonn sé faisnéis a bhaineann le guaiseacha arna bailiú agus arna hanailísiú i gcaitheamh tréimhse meastóireachta; agus moltar gníomhaíochtaí, réamhchúraimí agus nósanna imeachta ann chun na guaiseacha aitheanta a íoslaghdú.

Tá roinnt guaiseacha ina mbagairt shíceasóisialta don mheabhairshláinte ar an gcaoi chéanna ar féidir le guaiseacha fisiciúla sábháilteacht choirp na bhfostaithe a chur i mbaol.

Ní foláir de réir Alt 20 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 go n-áirítear leis an ráiteas sábháilteachta:

- measúnú riosca ar na guaiseacha a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar na fostaithe nó ar chuiditheoirí
- taifeadadh ar thorthaí suntasacha aon mheasúnuithe riosca. Ba cheart an ráiteas sábháilteachta a athbhreithniú agus a leasú de réir mar is cuí ar bhonn rialta.
- Ba chóir é a athbhreithniú láithreach bonn tar éis athruithe ar chúinsí in oibriú na scoile nó tar éis tarlú contúirteach.
- Is ceanglas é go gcuirfí an ráiteas sábháilteachta faoi bhráid na bhfostaithe go léir agus aon duine eile ag an áit oibre a

d'fhéadfadh a bheith neamhchosanta ar na rioscaí sonracha atá leagtha amach sa ráiteas.

### Cad iad na rialuithe lenar féidir an baol ó ghuaiseacha síceasóisialta a theorannú?

- Strusairí a aithint agus a mbunchúis a fháil amach.
- Aghaidh a thabhairt ar ábhair imní thromchúiseacha faoi shláinte, sábháilteacht agus leas i scoil.
- A chinntiú go bhfuil na héilimh ar na fostaithe mar ghrúpa indéanta agus ag teacht le ról na sealbhóirí poist.
- A chinntiú go bhfuil ionchur fostaithe i gcinnteoireacht agus i ndul chun cinn gairmréime.
- A chinntiú go bhfuil córais i bhfeidhm chun fostaithe a chumasú agus a spreagadh chun iompar doghlactha a thuirisciú.
- A chinntiú go gcuireann an scoil eolas ar fáil d'fhostaithe le cur ar a gcumas na cúiseanna atá leis na hathruithe beartaithe a thuiscint.
- A chinntiú go bhfuil cinntí an Bhoird Bhainistíochta/BOO comhsheasmhach agus cothrom.
- Más gá, oiliúint a chur ar fáil d'fhostaithe chun tacú le haon athruithe ar a bpost.
- A chinntiú gur féidir le fostaithe dul i dteagmháil leis an bpríomhoide/leas-phríomhoide chun rochtain a fháil ar thacaíocht chúil.
- A chinntiú go mbíonn na beartais seo a leanas ag an scoil, agus go scaiptear agus go ndéantar athbhreithniú rialta orthu:
  - dínit sa láthair oibre
  - frithbhulaíocht
  - cód iompair
  - teagmhas criticiúil
  - mí-úsáid substainte
  - riachtanais oideachais speisialta.

**Ní liosta iomlán é seo.**





## Cad is féidir le múinteoirí a dhéanamh chun leas foirne a chur chun cinn?

Seachas na freagrachtaí dlíthiúla a bhíonn ar an bhfostaí a bhfuil cur síos orthu san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, is féidir le múinteoirí:

- atmaisféar a chothú ina gcuirtear leas foirne chun cinn agus inar féidir strusairí a phlé
- a gcion féin a dhéanamh le guaiseacha síceasóisialta a aithint nuair a tharlaíonn siad
- aird an fhostóra a tharraingt ar shárúithe ar dhea-chleachtas
- eolas a chur ar an ráiteas sábháilteachta agus ar na nósanna imeachta le haghaidh an iniúchta bhliantúil
- a chinntiú go bhfuil a n-ionadaithe ar an mbord bainistíochta eolach ar an ráiteas sábháilteachta agus ar gach beartas eile a mbíonn tionchar aige ar leas foirne.

Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire  
Áras Thomáis Mhic Dhonncha,  
Sráid an Fhíona, Baile Átha Cliath 8  
Do8 P9V6

Teil: 01-604 0160  
Facs: 01-897 2760  
info@asti.ie  
www.asti.ie